Seo a leanas an cineál eolais a chuirfear ar fáil d'iarrthóirí seacht lá roimh dháta an scrúdaithe cainte.

Scrúdú Cainte

Cuid 1 (Cur i láthair)

Is iad na topaicí atá roghnaithe don chur i láthair i mbliana ná:

A: An timpeallacht
B: An cúlú eacnamaíochta
C: Teangacha

Nótaí eolais:

- Faigheann gach iarrthóir sa scrúdú an liosta céanna topaicí. Beidh topaicí difriúla ann gan bliain.
- Moltar d'iarrthóirí ullmhúchán ginearálta a dhéanamh ar na topaicí (stór focal, mar shampla).
- Lá an scrúdaithe féin roghnóidh an scrúdaitheoir ceann de na topaicí thuasluaite. Gheobhaidh gach iarrthóir bileog ar a mbeidh ceist/ráiteas bunaithe ar an topaic. Is ar an cheist nó ar an ráiteas sin a chaithfidh an t-iarrthóir díriú le linn an chuir i láthair.

Sampla

Topaic: An timpeallacht

Ábhar an chuir i láthair: 'Tá sé ródhéanach anois stop a chur leis an dochar atá déanta don timpeallacht.' Tabhair do thuairim ar an ráiteas sin.

- Beidh *30 nóiméad* ag iarrthóirí leis an chur i láthair a ullmhú.
- Ní bheidh cead aon fhoclóirí, áiseanna tagartha ná nótaí a d'ullmhaigh an t-iarrthóir roimh ré a úsáid.
- Cuirfidh an féitheoir cártaí ar fáil chun gur féidir leis an iarrthóir nótaí gairide a scríobh le cabhrú leis/léi le linn an chuir i láthair.
- Le linn an chuir i láthair tá sé ceadmhach tagairt a dhéanamh de na nótaí anois is arís.
- Mairfidh an cur i láthair *5 nóiméad*. Cuirfidh an scrúdaitheoir in iúl don iarrthóir nuair a bheidh nóiméad amháin fágtha. Moltar d'iarrthóirí gan dul thar an teorainn ama.
- Seans go gcuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna ar an iarrthóir faoin méid a bhí le rá aige/aici sa chur i láthair.

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lá an scrúdaithe cainte tabharfar bileog mar seo thíos do gach iarrthóir 30 nóiméad roimh thús an scrúdaithe.

Scrúdú Cainte

(Cuid 1: Cur i láthair)

Topaic: *TEANGACHA*

Cur i láthair: 'Is é an t-aon bhealach le teanga a fhoghlaim ná dul go dtí an áit ina labhraítear an teanga sin.'

nó

'Is mór an chabhair an nua-theicneolaíocht don fhoghlaimeoir teanga.'

Déan cur i láthair 5 nóiméad ar cheann amháin de na ráitis thuas.

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Scrúdú Cainte

(Cuid 1: Cur i láthair)

Topaic: *TEANGACHA*

Cur i láthair: ‘Ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar imircigh teanga na tíre a fhoghlaim.’

nó

‘Ní fiú teangacha eile a fhoghlaim mar tá Béarla ag daoine ar fud an domhain.’

Déan cur i láthair 5 nóiméad ar cheann amháin de na ráitis thuas.

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad